Maidir le

Is Craoltóir Seirbhíse Poiblí é RTÉ, eagraíocht neamhbhrabúis faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann.

Eolas faoi RTÉ

Is Craoltóir Seirbhíse Poiblí é RTÉ, eagraíocht neamhbhrabúis faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann. Is é RTÉ ceannródaí tras-mheán na hÉireann, a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse, raidió agus seirbhísí ar líne saor go haer, seirbhísí atá cuimsitheach agus éifeachtach ó thaobh costais de, ar seirbhísí iad atá ar ardchaighdeán agus atá neamhchlaonta de réir oibleagáidí reachtúla RTÉ.

Cad a dhéanaimid

Oibríonn RTÉ dhá chainéal teilifíse comhlántacha, RTÉ One agus RTÉ Two mar aon le ceithre stáisiún raidió,RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. Foilsíonn RTÉ an iris is mó díol in Éirinn freisin, the *RTÉ Guide*, oibrítear an tseirbhís teilitéacs is mó atá chun cinn in Éirinn, RTÉ Aertel, agus soláthraítear eolas maidir le nuacht cothrom le dáta, cúrsaí reatha agus siamsaíochta ar an láithreán gréasáin meán is mó tóir in Éirinn, RTÉ.ie. Cuireann RTÉ go mór leis na healaíona in Éirinn freisin agus tugtar tacaíocht do chúig ghrúpa oirfide – Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Choirme RTÉ, Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ, Cór Fiolarmónach RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ.

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann, tá RTÉ ag léiriú agus ag craobhscaoileadh ábhair chraoltóireachta le hochtú bliain anuas. Tá bailiúcháin Leabharlanna agus Cartlanna RTÉ comhdhéanta de chláir teilifíse agus raidió, grianghraif, comhaid léiriúcháin, scripteanna, scóir ceoil agus lámhscríbhinní.

Struchtúr na hEagraíochta

Cuireann Rialtas na hÉireann d'fhreagracht ar Údarás RTÉ gníomhaíochtaí Ghrúpa RTÉ a mhaoirsiú. Tuairiscíonn an Príomh-Stiúrthóir go díreach chuig Údarás RTÉ.

Bainistíonn Feidhmeannas RTÉ Rannáin Gnó Lánpháirtithe RTÉ (IBDanna) mar aon le Seirbhísí Comhroinnte an Ghrúpa (Airgeadas, Iniúchadh Inmheánach, Acmhainní Daonna, Cumarsáid, Cúrsaí Dlí, Teicneolaíochta) ó lá go lá.

Údarás RTÉ

Mary Finan (An Cathaoirleach)
Emer Finnan
Maria Killian
Patricia King
Ian Malcolm
Patrick Marron
Úna Ní Chonaire
Joe O'Brien
Stephen O'Byrnes
I láthair:
Cathal Goan, An Príomh-Stiúrthóir
Conor Hayes,
An Príomhoifigeach Airgeadais
Tom Quinn, Rúnaí an Ghrúpa

Bord Feidhmeannais RTÉ

Cathal Goan, An Príomh-Stiúrthóir
Noel Curran,
Stiúrthóir Bainistíochta Teilifíse
Conor Hayes,
An Príomhoifigeach Airgeadais
Adrian Moynes,
Stiúrthóir Bainistíochta Raidió
Ed Mulhall,
Stiúrthóir Bainistíochta na Nuachta
Bride Rosney, Stiúrthóir Cumarsáide

Na IBDanna

Teilifís RTÉ
Raidió RTÉ
Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ
Grúpaí Oirfide RTÉ
Foilsitheoireacht RTÉ
RTÉNL

Suíomh

Tá ceanncheathrú agus príomhstiúideonna RTÉ i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath. Tá stiúideonna réigiúnacha ag RTÉ ar fud na tíre agus tá stiúideonna i Londain, sa Bhruiséil agus i Washington DC.